
#EURoad2Sibiu

An Coimisiún Eorpach



# Aontas aontaithe atá bunaithe ar an dlúthpháirtíocht

Bealtaine 2019

## I DTREO AONTAS NÍOS AONTAITHE, NÍOS LÁIDRE AGUS NÍOS DAONLATHAÍ



“Mar iarrthóir ar ról an Uachtaráin ar an gCoimisiúin Eorpach, measaim gurb é an príomhchúram atá orm athmhuintearas a chothú san Eoraip an athuair tar éis na géarchéime; muinín shaoránaigh na hEorpa a neartú arís; ár mbeartais a dhíriú ar na príomhdhúshláin atá romhainn i ndáil lenár ngeilleagair agus ár sochaithe.”

Jean-Claude Juncker, iarrthóir ar Uachtaránacht an Choimisiúin Eorpaigh san am, 15 Iúil 2014

Cé nach raibh na Ballstáit go léir ar aon intinn i gcónaí, ghníomhaigh an tUachtarán Juncker agus Comhaltaí an Choláiste ar mhaithe leis an Eoraip agus thug siad na ceannairí le chéile chun comhaontuithe a dhéanamh maidir le ceisteanna casta corraitheacha.

## COINBHLEACHTAÍ A BHAINISTIÚ AGUS GÉARCHÉIMEANNA A SHEACHAINT

### Géarchéim na Gréige/an limistéir euro a bhainistiú

D’oibrigh an tUachtarán Juncker de lá agus d’oíche chun **géarchéim an limistéir euro a réiteach**, agus rinne sé a dhícheall chun nach n-imeodh an Ghréig as an limistéar euro, rud a bheadh tubaisteach don airgeadra aonair, agus chun cobhsaíocht eacnamaíoch a chothabháil ar fud na hEorpa.

D’fhan an tUachtarán Juncker i dteagmháil go rialta le Príomh-Aire na Gréige, le ceannairí eile an Aontais agus le Parlaimint na hEorpa chun a chinntiú go dtabharfadh an Coimisiún an tacaíocht theicniúil agus pholaitiúil go léir ab fhéidir chun an ghéarchéim a réiteach. Dúirt sé arís is arís eile gur chreid sé nár cheart an Ghréig a bhrú amach as an limistéar euro, agus gur cheart aontacht an airgeadra aonair agus dínit mhuintir na Gréige a chaomhnú.

Is léir go raibh an ceart ag an Uachtarán Juncker, anois agus géarchéim an limistéir euro agus fadhb na Gréige réitithe. Is fearr staid na Gréige anois ná mar a bhíothas ag súil leis fiú.

In 2016, d’éirigh leis an tír a sprioc phríomhbharrachais a shárú go mór. Táthar ag súil anois go dtiocfaidh fás 2.5 % ar gheilleagar na Gréige in 2018 agus 2019.



An tUachtarán Juncker, ag caint dó ag an gCruinniú Mullaigh Euro, 7 Iúil 2015

Réamhaisnéis Eacnamaíoch don Ghréig: **fás 2.5 %** in 2018 agus 2019

### Géarchéim imirce sna Balcáin Thiar

Sna Balcáin Thiar, agus an caidreamh idir tíortha comharsanacha faoi bhrú nuair ba mheasa an ghéarchéim imirce in 2015, ghair an Coimisiún cruinniú urghnách idir na hUachtaráin agus na Príomh-Airí.

Is i gCeanncheathrú an Choimisiúin i bhfoirgneamh an Berlaymont a tionóladh an cruinniú, agus rinneadh comhaontuithe ann maidir le comhroinnt faisnéise agus freagrachta chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an iliomad teorainneacha atá sa réigiún agus chun déileáil ar shlí dhaonnachtúil leis na hiarrthóirí tearmainn soghonta a thagann isteach.

Tá ról comhordaitheach fós ag an gCoimisiún, agus eagraítear físchomhdhálacha ar an leibhéal polaitiúil idir an Coimisiún agus na pointí teagmhála náisiúnta ó oifigí na gceannairí agus ranna oibríochtúla.



Angela Merkel, Jean-Claude Juncker agus António Guterres, 25 Deireadh Fómhair 2015

### Cás Almaraz

In 2017, d'éirigh idir an Phortaingéil agus an Spáinn mar gheall ar an bplean conspóideach atá ag an Spáinn láithreán líonta talún dramhaíola núicléiche a thógáil cóngarach don teorainn idir an dá thír in **Almaraz**. Thug an tUachtarán Juncker Príomh-Airí na Portaingéile agus na Spáinne le chéile chun teacht ar réiteach cairdiúil.


António Costa, Príomh-Aire na Portaingéile, Jean-Claude Juncker agus Mariano Rajoy Brey, Príomh-Aire na Spáinne (ó chlé go deas), 29 Aibreán 2017 →

## SLÁNDÁIL A FHEABHSÚ

### RescEU — Córas Eorpach chun dul i ngleic le tubaistí nádúrtha

Bhí cuid mhór tragóidí san Eoraip le blianta beaga anuas, idir thuilte, stoirmeacha, dhóiteáin foraoise agus chreathanna talún, agus cailleadh beagnach 100 duine i dtubaistí nádúrtha. Déantar damáiste do thithe agus do bhonneagar, agus is mór an costas eacnamaíoch a ghabhann le tubaistí nádúrtha: beagnach €10 mbilliún a taifeadadh in 2016. Idir 2016 agus 2018, baineadh úsáid as Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta 78 n-uaire.

D'fhonn cosaint níos fearr a thabhairt do na saoránaigh ar thubaistí agus d'fhonn freagairtí agus ullmhacht a neartú, ghlac an tAontas rescEU i mí an Mhárta 2019. Déantar uasghrádú le rescEU ar Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta trí chúltaca nua Eorpach acmhainní a bhunú ina bhfuil eitleáin agus héileacaptair comhraicthe dóiteáin ar dtús. Tá sé d'aidhm freisin ag rescEU freagairt d'éigeandálaí sa todhchaí, amhail éigeandálaí leighis agus éigeandálaí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha.

Cuirfidh na hacmhainní sin de chuid an Aontais leis na sócmhainní náisiúnta agus bainisteoidh an Coimisiún iad chun tacú le tíortha ina mbíonn tubaistí den sórt sin.

×78

Idir 2016 agus 2018, baineadh úsáid as Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta 78 n-uaire.



Cleachtadh cosanta sibhialta "Tionscadal Cabhrach Uisce Cathrach an Aontais", an Ungáir, 5 Aibreán 2017


© Thinkstock

### Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais

Nuair a bhíonn tubaiste nádúrtha i mBallstát, tugann an tAontas lámh chúnta ar dtús trína ionstraimí práinnfhreagartha agus ansin trí chabhair airgeadais le haghaidh atógáil san fhadtéarma.

Is féidir Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais a úsáid chun tacú le hiarrachtaí atógála agus cuid de na costais a chumhdach a ghabhann le seirbhísí éigeandála, cóiríocht shealadach, oibríochtaí glantacháin agus cosaint oidhreachta cultúrtha, d'fhonn an t-ualach airgeadais atá ar údaráis náisiúnta a laghdú.

Ó chuaigh Coimisiún Juncker i mbun oifige, íocadh €2 bhilliún as Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais le tíortha agus réigiúin a bhí buailte ag tubaistí.

Tar éis na gcreathanna talún tragóideacha a bhuail lár na hIodáile in 2016 agus 2017, shlóg an Coimisiún €1.2 billiún faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais, an tsuim ba mhó riamh.

## Tacaíocht éigeandála le haghaidh bainistiú teorainneacha

I mí Mheán Fómhair 2016, d'fhógair an tUachtarán Juncker go raibh an Coimisiún Eorpach ag tabhairt tús áite d'iarrataí ó údaráis na Bulgáire, agus gur chinn an Coimisiún **maoiniú éigeandála a thabhairt arbh fhiú €108 milliún é** chun bainistiú na sreafaí imirce a neartú.

Úsáideadh an maoiniú chun acmhainní glactha agus acmhainní na seirbhíse tearmainn a mhéadú agus chun gníomhaíochtaí faireachais teorainneacha agus rialaithe teorainneacha a neartú.

Léirigh an idirghabháil thapa sin ón gCoimisiún go bhfuilimid tiomanta do chaitheamh le teorainn sheachtrach Ballstáit mar theorainn sheachtrach na mBallstát go léir.

Ó fógraíodh é sin tá os cionn €150 milliún deonaithe mar mhaoiniú don Bhulgáir.



**€150 milliún mar mhaoiniú éigeandála** chun bainistiú na sreafaí imirce sa Bhulgáir a neartú

## Eoraip a chosnaíonn — seiceálacha córasacha ar theorainneacha Schengen



I mí Aibreáin 2017, thug an tAontas bearta nua isteach le haghaidh **seiceálacha córasacha ar theorainneacha Schengen**, ar mhaithe le slándáil agus bainistiú imirce araon.

Bhí na rialacha comhaontaithe sin ina gcuid den fhreagairt reachtach d'ionsaithe Pháras agus cinntíonn siad nach féidir le haon duine dul isteach i limistéar Schengen ná imeacht amach as gan dul faoi sheiceáil i mbunachair sonraí shlándála.

Díreach tar éis teacht i bhfeidhm do na rialacha nua, bhí teannas ar an teorainn idir an tSlóivéin agus an Chróit. Chuaigh an tUachtarán Juncker i mbun eadrána. Ar imeall na Comhairle Eorpaí, labhair sé le Príomh-Airí na Slóivéine agus na Cróite, Miro Cerar agus Andrej Plenković, agus chomhaontaigh siad nach mór na dlíthe sin de chuid an Aontais lena n-athneartaítear na rialuithe ar theorainneacha Schengen agus lena bhfeabhsaítear slándáil ár nAontais, nach mór iad a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme.

**Le tacaíocht ón gCoimisiún**, moladh bearta teicniúla a dhéanamh agus cuireadh córas ar bun le haghaidh seiceálacha dírithe ar ócáidí sonracha.

De bharr na mbeart sin:

- tá laghdú ar an teannas
- is fusa an teorainn a bhainistiú
- bíonn níos lú moilleanna ar thaistealaithe

## Bainistiú ar tharraingt siar na Danmhairge as Europol

Tar éis an reifrinn sa Danmhairg i mí na Nollag 2015 ar bhallraíocht in **Europol**, d'oibrigh an tUachtarán Juncker i gcomhar leis an Uachtarán Tusk agus le Príomh-Aire na Danmhairge, Lars Løkke Rasmussen chun socruithe oibríochtúla a dhéanamh chun aon tionchar diúltach a bheidh ag tarraingt siar na Danmhairge as Europol a íoslaghdú.

Tar éis an reifrinn, ní raibh rochtain ag an Danmhairg a thuilleadh ar stórais sonraí Europol agus níor cheadmhach di páirt a ghlacadh in obair ná i mbunachair sonraí oibríochtúla Europol.

Bhain an Danmhairg agus an chuid eile den Aontas leas frithpháirteach as an gcomhaontú a rinneadh i mí Aibreáin 2017 maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta trasteorann tromchúisí agus eagraithe agus na sceimhlitheoireachta idirnáisiúnta.



Donald Tusk, Lars Løkke Rasmussen, Jean-Claude Juncker, 3 Nollaig 2015

Bhí an tUachtarán Juncker i gceannas ar na hiarrachtaí chun socrú saincheaptha a dhéanamh lena bhféadfaí comhar a dhéanamh, lena n-áirítear malartú sonraí oibríochtúla, imlonnú oifigeach idirchaidrimh, agus comhlíonadh iomlán rialacha cosanta sonraí na hEorpa.

Tá stádas ar leith ag an Danmhairg anois a fhágann gur féidir léi naisc níos dlúithe a dhéanamh le Europol gan bheith ina ball de.

## MUINTIR NA HEORPA A CHÓNASCADH

### An Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach

Leis an **gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach** a d'fhógair an tUachtarán Juncker i mí Meán Fómhair 2016, bíonn deis ag daoine idir 18 mbliana agus 30 bliain d'aois obair dheonach nó obair chúitithe a dhéanamh chun cabhrú leis an bpobal agus leis an tsochaí i gcoitinne agus taithí luachmhar a fháil agus scileanna oibre a fhorbairt san am céanna.

Bíonn deis ag na rannpháirtithe foghlaim faoin tslí le dul i ngleic le cruachásanna de gach saghas, e.g. pobail a atógáil tar éis tubaistí nádúrtha, dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta nó cúnamh a thabhairt fáilte a chur roimh dhídeanaithe agus roimh imircigh agus iad a imeascadh sa phobal.

**Ó seoladh é i mí na Nollag 2016:**

**tá spéis léirithe ag 124 000 ógánach Eorpach**

**tá 14,250 socrúchán eagraithe cheana**

### Idirnascaire Mhuir Bhailt


Sampla eile de na tionscnaimh eacnamaíocha, straitéiseacha agus áisiúla de chuid Choimisiún Juncker a aontaíonn ár náisiúin is ea píblíne gháis Idirnascaire Mhuir Bhailt.




Tá an chéad phíblíne gháis dhéthreoch á tógáil idir an Fhionlainn agus an Eastóin a bhuí le deontais ar fiú os cionn €190 milliún iad ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus a chumhdóidh 75 % de chostais an tionscadail. Osclófar margadh gáis na Fionlainne leis an tionscadal sin agus tiocfaidh feabhas ar shlándáil an tsoláthair gáis i réigiún Mhuir Bhailt thoir ina iomláine.

Níl ann sin ach cuid den infheistíocht straitéiseach a bhfuil an Coimisiún ag tacú léi sa réigiún, réigiún ina bhfuil Idirnascaire Gáis na Polainne-na Liotuáine agus tionscadal Karksi — an t-idirnascaire idir an Eastóin agus an Laitvia — tionscadal a bhfuil deontas €18.6 milliún tugtha ag an gCoimisiún lena aghaidh.

Tá tionscadail eile ann freisin, amhail neartú an ghréasáin tarchurtha idir an Liotuáin agus an Laitvia, an t-idirnascaire idir an Pholainn agus an Danmhairg (BalticPipe) agus leathnú an chríochfoirt GNL in Świnoujście, An Pholainn. Tá na tionscadail sin ríthábhachtach maidir le margadh gáis feidhmiúil a bhunú i réigiún Mhuir Bhailt.



€190 milliún **mar dheontais ón Aontas chun 75 %** de chostais an tionscadail a chumhdach

Print ISBN 978-92-76-07556-1 doi:10.2775/43219 NA-01-19-411-GA-C
PDF ISBN 978-92-76-07540-0 doi:10.2775/720876 NA-01-19-411-GA-N